Coimisiún na Meán

# Nósanna Imeachta le haghaidh Athbhreithniú Inmheánach ar Chinneadh arna Dhéanamh ag an gCoimisiún faoi Ordú Tobhaigh arna Dhéanamh de Bhun Alt 21 den Acht Craolacháin 2009 (arna leasú).

Dáta foilsithe:
An 19 Márta 2026

Nósanna imeachta le haghaidh athbhreithniú inmheánach ar chinneadh arna dhéanamh ag an gCoimisiún faoi ordú tobhaigh arna dhéanamh de bhun alt 21 den Acht Craolacháin 2009 (arna leasú).

Mar a leagtar amach ar bhealach níos iomláine in ailt 3 agus 7 thíos, tá athbhreithniú ar chinneadh teoranta go docht do chinneadh faoin ordú tobhaigh atá i bhfeidhm tráth iarratais ar athbhreithniú. Ní féidir aon chinneadh nach ndéantar faoin ordú tobhaigh ábhartha a bheith faoi réir athbhreithnithe agus déanfar aon iarratas ar athbhreithniú ar chinneadh den sórt sin atá lasmuigh den raon feidhme a dhíbhe ag réamhchéim.

## 1. Sainmhínithe

| **Téarma** | **Sainmhíniú** |
|---|---|
| 'Acht 2009' | An tAcht Craolacháin 2009 (arna leasú). |
| 'an Coimisiún' | Coimisiún na Meán. |
| 'Coimisinéir' | Comhalta den Choimisiún. |
| 'an tOrdú Tobhaigh' | An t-ordú tobhaigh ábhartha arna dhéanamh ag an gCoimisiún de bhun alt 21 d'Acht 2009 atá i bhfeidhm tráth an Iarratais ar Athbhreithniú. |
| 'Soláthraí' | ciallaíonn sin soláthraí a thagann laistigh de chatagóir amháin nó níos mó de na soláthraithe nach mór dóibh tobhach a íoc i gcomhréir le téarmaí an Ordaithe Tobhaigh. |
| 'Athbhreithniú' agus 'an próiseas Athbhreithniúcháin' | Athbhreithniú arna dhéanamh de bhun an airteagail ábhartha den Ordú Tobhaigh lena dtugtar teideal do sholáthraí athbhreithniú ar chinneadh faoin Ordú Tobhaigh a iarraidh dá bhforáiltear le halt 21(6)(e) d'Acht 2009. |
| 'an tAthbhreithneoir' | An duine nó na daoine ar a bhfuil sé de chúram tabhairt faoin Athbhreithniú. |
| 'an tIarratas ar Athbhreithniú' | An t-iarratas ó sholáthraí ar athbhreithniú ar chinneadh ón gCoimisiún faoin Ordú Tobhaigh. |
| 'an Iarraidh ar Iarratas ar Athbhreithniú' | An fhoirm iarratais atá le cur isteach ag soláthraí, nó thar a cheann nó thar a ceann, ar soláthraí é nó í ag |

| | |
|---|---|
| | a bhfuil iarratas á dhéanamh ar athbhreithniú ar chinneadh faoin Ordú Tobhaigh, a bhfuil teimpléad de faoi cheangal i bhFoscríbhinn A. |
| 'an Cinneadh Athbhreithniúcháin' | An cinneadh deiridh a eisíonn an Coimisiún i leith an Athbhreithnithe tar éis an Moladh Athbhreithniúcháin a bhreithniú. |
| 'an Moladh Athbhreithniúcháin' | An moladh a eisíonn an tAthbhreithneoir chuig an gCoimisiún. |

## 2. Cuspóir

2.1 I gcomhréir le halt 21(6)(e), leis na nósanna imeachta sin leagtar amach na nósanna imeachta ginearálta atá infheidhme maidir le hiarratais ó sholáthraithe ar athbhreithniú a dhéanamh ar chinneadh arna dhéanamh faoin Ordú Tobhaigh.

## 3. Raon Feidhme

3.1 Tá Athbhreithniú teoranta go docht do chinneadh a dhéanann an Coimisiún faoin Ordú Tobhaigh.

3.2 Cinntí a thagann faoi raon lánrogha an Choimisiúin agus Ordú Tobhaigh á dhéanamh de bhun alt 21 d'Acht 2009, amhail, mar shampla, na catagóirí de na soláthraithe ar a bhforchuirtear tobhach; fad na tréimhse tobhaigh; nó cinntí eile a bhaineann le forálacha alt 21(6) d'Acht 2009, ní thiocfaidh siad faoi raon feidhme Athbhreithnithe.

3.3 Faoi réir fhorálacha an Ordaithe Tobhaigh shonraigh, le cinneadh ón gCoimisiún féadfar a áireamh cinneadh an Choimisiúin maidir leis na hábhair seo a leanas, ach ní gá go mbeadh sé teoranta dóibh sin:

3.3.1 méid tobhaigh a ríomhtar i gcomhréir leis na modheolaíochtaí le haghaidh na soláthraithe ábhartha a leagtar amach sna sceidil ábhartha a ghabhann leis an Ordú Tobhaigh;

3.3.2 go bhfuil an tobhach sin le híoc in aon suim amháin dáta sonraithe nó roimhe sin, nó go bhfuil sé le híoc trí thráthchodanna;

3.3.3 i gcás ina bhfuil an tobhach le híoc ag soláthraí ina thráthchodanna, cinneadh an Choimisiúin maidir le méid gach tráthchoda den sórt sin agus an dáta atá sé le híoc.

3.4 Chun amhras a sheachaint, níl aon dlínse ag an Athbhreithneoir chun cinneadh a athbhreithniú, mura ndearnadh an cinneadh ar leith sin faoin Ordú Tobhaigh a bhí i bhfeidhm tráth an Iarratais ar Athbhreithniú. Cé go mb'fhéidir, de bharr cinntí áirithe a dhéantar faoi Ordú Tobhaigh, go gceanglófar cinntí eile nach ndearnadh faoin Ordú Tobhaigh a bhreithniú, ní féidir le cinntí nach ndearnadh faoin Ordú Tobhaigh a bheith faoi réir an Athbhreithnithe.

3.5 Ní bheartaítear go mbeadh Athbhreithniú faoi Ordú Tobhaigh i bhfoirm breithniú *de novo* ar an gcinneadh a dhéantar faoin Ordú Tobhaigh. Is éard atá ann ná athbhreithniú ar na hearráidí atá líomhnaithe ag an soláthraí i leith cinneadh ón gCoimisiún faoin Ordú Tobhaigh.

## 4. Treoirphrionsabail

4.1 Beidh an próiseas Athbhreithniúcháin cothrom, trédhearcach agus déanfar é i gcomhréir le prionsabail an cheartais nádúrtha.

4.2 A mhéid a eascraíonn aon saincheist faoi nós imeachta le linn Athbhreithniú in aon chás ar leith nach dtugtar aghaidh air sna Nósanna Imeachta seo, is faoin Athbhreithneoir a bheidh sé aon saincheist faoi nós imeachta den sórt sin a chinneadh. Gníomhóidh an tAthbhreithneoir gach tráth i gcomhréir le prionsabail an cheartais nádúrtha.

4.3 Is faoin gCoimisiún a bheidh sé an cinneadh deiridh a dhéanamh, agus breithneoidh sé Moladh an Athbhreithneora roimh a Chinneadh Athbhreithniúcháin a eisiúint.

4.4 Nuair a eiseofar é, tá an Cinneadh Athbhreithniúcháin ceangailteach agus ní bheidh sé faoi réir achomharc inmheánach.

## 5. Iarraidh ar Athbhreithniú

5.1 Déanfaidh soláthraí, ar mian leis nó léi an ceart a fheidhmiú chun Athbhreithniú a lorg, Athbhreithniú a iarraidh i scríbhinn, tráth nach déanaí ná 21 lá féilire tar éis chinneadh ábhartha an Choimisiúin faoin Ordú Tobhaigh, agus úsáid á baint as foirm an Choimisiúin maidir le hIarraidh ar Iarratas ar Athbhreithniú, mar atá i gceangal i bhFoscríbhinn A a ghabhann leis na Nósanna Imeachta seo.

5.2 Ní mór an Iarraidh ar Iarratas ar Athbhreithniú a chomhlánú go hiomlán agus déanfar forais an athbhreithnithe a shainaithint go mion inti agus leagfar amach inti an bonn iomlán ar a

Iorgaítear Athbhreithniú, lena n-áirítear aon fhaisnéis ar a bhfuil an soláthraí ag brath maidir leis sin.

5.3 A mhéid a líomhnaíonn an soláthraí go n-eascraíonn an earráid sa chinneadh atá faoi réir athbhreithnithe as earráid sna hábhair arna gcur isteach ag an soláthraí, féadfaidh an soláthraí cibé ábhar a chur i gceangal leis an Iarraidh ar Iarratas ar Athbhreithniú agus a chur isteach mar chuid den Iarratas ar Athbhreithniú, ar ábhar é a fhéadfaidh a bheith ábhartha agus/nó riachtanach chun athbhreithniú a dhéanamh ar aon earráid líomhnaithe den sórt sin.

## 6. Duine nó Daoine atá le Tabhairt faoi Athbhreithniú

6.1 Tabharfaidh Coimisinéir faoin Athbhreithniú – duine atá ceaptha ag an gCoimisiún chun na críche sin.

## 7. Iarraidh ar Iarratas ar Athbhreithniú a Aithint agus a Réamhbhreithniú

7.1 Tar éis an Iarraidh ar Iarratas ar Athbhreithniú a fháil, aithneoidh an tAthbhreithneoir, a luaithe is indéanta le réasún, go bhfuarthas an Iarraidh ar Iarratas ar Athbhreithniú.

7.2 Agus an tAthbhreithniú á dhéanamh, déanfaidh an tAthbhreithneoir measúnú ar na forais ar a bhfuil soláthraí ag lorg athbhreithnithe chun a dheimhniú go bhfuil an cinneadh a bhféachtar lena athbhreithniú ina chinneadh (nó ina chinntí) a dhéantar faoin Ordú Tobhaigh.

7.3 Más rud é, tar éis an Iarraidh ar Iarratas ar Athbhreithniú a bhreithniú, go bhfuil an tAthbhreithneoir den tuairim nach bhfuil an cinneadh a bhféachtar lena athbhreithniú ina chinneadh a rinneadh faoin Ordú Tobhaigh agus, dá bhrí sin, nach bhfuil sé laistigh den raon feidhme Athbhreithniúcháin mar is ceart, déanfaidh an tAthbhreithneoir an tIarratas ar Athbhreithniú a dhíbhe a mhéid a bhaineann sé leis an gcinneadh lasmuigh den raon feidhme.

7.4 Más rud é, i dteannta aon chinneadh lasmuigh den raon feidhme, go bhfuil iarratas san Iarraidh ar Iarratas ar Athbhreithniú freisin lena lorgaítear athbhreithniú a dhéanamh ar chinneadh eile a dhéantar faoin Ordú Tobhaigh, ní rachaidh an tAthbhreithneoir ar aghaidh leis an Athbhreithniú a dhéanamh ach amháin i leith an chinnidh sin atá laistigh den raon feidhme.

7.5 In aon chás ina gcinneann an tAthbhreithneoir Iarratas ar Athbhreithniú a dhíbhe, go hiomlán nó go páirteach, ar an mbonn nach bhfuil ceann amháin nó níos mó de na cinntí ar a n-iarrtar

athbhreithniú a dhéanamh laistigh de raon feidhme Athbhreithnithe, tabharfaidh an tAthbhreithneoir fógra don soláthraí ábhartha a luaithe is indéanta á rá gur díbheadh a Iarratas ar Athbhreithniú nó a hIarratas ar Athbhreithniú, go hiomlán nó go páirteach, de réir mar a bheidh.

## 8. Faisnéis Bhreise a Lorg

8.1 Laistigh de thréimhse **14 lá féilire** tar éis an Iarraidh ar Iarratas ar Athbhreithniú a fháil nó cibé tréimhse eile is gá, féadfaidh an tAthbhreithneoir a iarraidh ar sholáthraí aghaidh a thabhairt ar aon fhiosruithe a eascraíonn as an Iarratas ar Athbhreithniú agus tabharfaidh sé nó sí deis don soláthraí aghaidh a thabhairt ar na fiosruithe sin, aon soiléirithe iomchuí a sholáthar agus cibé aighneachtaí breise is gá a dhéanamh.

8.2 Tabharfaidh an soláthraí freagra ar aon iarraidh den sórt sin laistigh de thréimhse de **14 lá féilire** nó a luaithe is indéanta le réasún.

## 9. Athbhreithniú agus ullmhú Molta Athbhreithniúcháin

9.1 Tar éis aon fhreagra ar fhiosruithe agus/nó aighneachtaí breise a fháil (má iarradh an céanna de bhun alt 8 thuas), breithneoidh an tAthbhreithneoir an fhaisnéis uile arna soláthar mar chuid den Iarratas ar Athbhreithniú agus cinnfidh sé nó sí cé acu atá nó nach bhfuil aon bhonn bunaithe ag an soláthraí chun athbhreithniú a dhéanamh ar chinneadh faoin Ordú Tobhaigh.

9.2 Ullmhóidh an tAthbhreithneoir Dréachtmholadh Athbhreithniúcháin.

9.3 Leis an Dréachtmholadh Athbhreithniúcháin leagfar amach:

9.3.1 Dréachtmholadh nó dréactmholtaí an Athbhreithneora; agus

9.3.2 Na cúiseanna leis an dréachtmholadh nó leis na dréachtmholtaí sin.

## 10. Deis chun Barúil a Thabhairt

10.1 Comhroinnfidh an tAthbhreithneoir an Dréachtmholadh Athbhreithniúcháin leis an soláthraí óna bhfuarthas an Iarraidh ar Iarratas ar Athbhreithniú agus tabharfaidh sé nó sí deis don soláthraí aon bharúlacha a thabhairt i leith an Dréachtmholta Athbhreithniúcháin.

10.2 Cuirfidh an soláthraí aon bharúlacha i leith an Dréachtmholta Athbhreithniúcháin in iúl don Athbhreithneoir i scríbhinn laistigh de **14 lá féilire** tar éis é a fháil nó cibé tréimhse a chinnfidh an tAthbhreithneoir. Maidir leis sin, ba cheart na barúlacha sin a bheith teoranta d'inneachar an Dréachtmholta Athbhreithniúcháin (amhail earráidí fíorais nó pointí fíorais breise).

## 11. Moladh Athbhreithniúcháin a Thabhairt chun Críche

11.1 Tar éis aon bharúlacha a fháil, breithneoidh an tAthbhreithneoir na barúlacha agus tabharfaidh sé nó sí aird ar na barúlacha sin agus an Moladh Athbhreithniúcháin deiridh á ullmhú.

11.2 Rachaidh an tAthbhreithneoir ar aghaidh chun an Moladh Athbhreithniúcháin a ullmhú lena soláthrófar achoimre ar an Iarratas ar Athbhreithniú, an próiseas athbhreithniúcháin; na saincheisteanna a breithníodh; torthaí an Athbhreithneora agus na cúiseanna lena mholadh nó lena moladh nó lena mholtaí nó lena moltaí agus moladh chun seasamh leis an gcinneadh bunaidh faoin Ordú Tobhaigh, chun é a athrú nó chun é a chur i leataobh. Chun amhras a sheachaint, tá ceart soláthraí chun barúlacha a sholáthar maidir leis an Dréachtmholadh Athbhreithniúcháin gan dochar do cheart an Athbhreithneora Moladh Athbhreithniúcháin a ullmhú, ar deireadh thiar, i gcibé foirm agus le cibé inneachar a mheasann sé nó sí is iomchuí.

11.3 Cuirfidh an tAthbhreithneoir an Moladh Athbhreithniúcháin faoi bhráid an Choimisiúin lena bhreithniú.

## 12. Cinneadh Athbhreithniúcháin Deiridh

12.1 Tar éis a bhreithnithe ar an Moladh Athbhreithniúcháin agus ar an doiciméadacht a chuirtear isteach mar chuid den Phróiseas Athbhreithniúcháin, déanfaidh an Coimisiún (seachas an tAthbhreithneoir chun críoch an Chinnidh Athbhreithniúcháin amháin) Cinneadh Athbhreithniúcháin deiridh agus ceangailteach. Chun teacht ar an gCinneadh Athbhreithniúcháin, ní bheidh an Coimisiún faoi cheangal ag na moltaí a leagtar amach sa Mholadh Athbhreithniúcháin. Mar sin féin, féadfar an méid seo a leanas a dhéanamh leis an gCinneadh Athbhreithniúcháin:

12.1.1 An cinneadh bunaidh a rinneadh faoin Ordú Tobhaigh a dheimhniú;

12.1.2 An cinneadh bunaidh a rinneadh faoin Ordú Tobhaigh a leasú/a athrú; nó

12.1.3 An cinneadh bunaidh faoin Ordú Tobhaigh a neamhniú agus a ionadú.

12.2 Sonróidh an Coimisiún sa Chinneadh Athbhreithniúcháin freisin cibé bearta (más ann) is gá don soláthraí agus/nó don Choimisiún a dhéanamh de bharr a Chinnidh Athbhreithniúcháin.

12.3 I gcás ina gcinneann an Coimisiún gan bheith faoi cheangal ag an Moladh Athbhreithniúcháin, féadfaidh an Coimisiún Dréachtchinneadh Athbhreithniúcháin a chomhroinnt leis an soláthraí óna bhfuarthas an tIarratas Athbhreithniúcháin agus tréimhse **14 lá féilire** (nó cibé tréimhse a chinnfidh an Coimisiún) a thabhairt don soláthraí sin chun aon bharúlacha a thabhairt i scríbhinn i leith an Dréachtchinnidh Athbhreithniúcháin sin. Maidir leis sin, ba cheart aon bharúlacha a bheith teoranta d'inneachar an Dréachtchinnidh Athbhreithniúcháin (amhail earráidí fíorais nó pointí fíorais breise).

## 13. Fógra maidir leis an gCinneadh Athbhreithniúcháin Deiridh

13.1 Tabharfaidh an Coimisiún fógra don soláthraí i scríbhinn maidir leis an toradh ar an Iarratas Athbhreithniúcháin, agus cóip den Chinneadh Athbhreithniúcháin á soláthar, laistigh de **chúig lá féilire** tar éis an Cinneadh Athbhreithniúcháin a dhéanamh.

13.2 Beidh Cinneadh Athbhreithniúcháin an Choimisiúin ina chinneadh deiridh agus ní bheidh sé faoi réir aon athbhreithniú eile.

## 14. Rúndacht agus Taifid

14.1 Déanfar an t-ábhar uile a fhaightear agus a bhreithnítear le linn an phróisis Athbhreithnithe a phróiseáil i gcomhréir le ráiteas príobháideachais agus oibleagáidí rúndachta an Choimisiúin.